Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5510/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0017(NLE)**

**PECHE 28**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 31 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le deiseanna iascaireachta sealadacha áirithe le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 31 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 31 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.1.2021
COM(2021) 31 final

2021/0017 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le deiseanna iascaireachta sealadacha áirithe le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 15 agus an 16 Nollaig 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021. Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart na TACanna sealadacha le haghaidh stoic a roinntear le tríú tíortha a shocrú go dtí go dtabharfar na comhairliúcháin sin i gcrích i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta nó, mura féidir iad a thabhairt i gcrích go rathúil, go dtí go mbunóidh an Chomhairle TACanna aontaobhacha an Aontais in 2021.

Tá sé d'aidhm ag na TACanna sealadacha a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe an Aontais. In imthosca ar bith, níor cheart na deiseanna iascaireachta sealadacha sin a bheith ina mbac ar dheiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus le toradh na gcomhairliúchán, le creat dlíthiúil an Aontais agus leis an gcomhairle eolaíoch. Mar chur chuige ginearálta, ba cheart dóibh freagairt do 25 % de sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2020. Ríomhadh sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta sin i gcomhréir le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta agus le Roghanna na Háige. Tá an cur chuige sin gan dochar d'aon chur chuige a fhéadfar a ghlacadh sna comhaontuithe idirnáisiúnta a bheidh ann amach anseo. I gcásanna dar líon an-teoranta (le haghaidh TACanna áirithe ronnach, faoitíní gorma agus bolmán), cinneadh gur cheart céatadán eile a úsáid nuair is ag tús na bliana den chuid is mó a dhéantar iascaireacht ar na stoic sin.

Is éard a léiríonn na sonraí gabhála míosúla arna dtuairisciú leis an gCoimisiún le blianta beaga anuas go ndéantar iascaireacht ar chuid de na stoic pheiligeacha eile agus de na stoic ghrinnill eile ag tús na bliana den chuid is mó. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí gabhála sin agus i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, ba cheart céatadán níos airde a chomhfhreagraíonn do sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2020 a bhunú le haghaidh na TACanna comhfhreagracha, más rud é go bhfuil sin gan dochar do chur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh sna comhaontuithe idirnáisiúnta agus/nó sna comhairliúcháin a bheidh ann amach anseo.

An 15 agus an 16 Nollaig 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta do 2021. Meastar gur i lár mhí Eanáir 2021 a ghlacfar an Rialachán comhfhreagrach ón gComhairle trí nós imeachta i scríbhinn. Is roimh dheireadh mhí Eanáir is nós an Rialachán sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*. Dá bhrí sin, ní féidir an tagairt chruinn don Rialachán sin ón gComhairle a ndéanfar leasú air a áireamh ag an gcéim seo.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de bhunrialachán CBI agus sna pleananna ilbhliantúla ábhartha.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir leis.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis seo a leanas: is comhbheartas é CBI. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus cionroinnt deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tugtar san áireamh sa Togra an t-aiseolas a fuarthas ó na páirtithe leasmhara, ó Chomhairlí Comhairleacha, ó na húdaráis náisiúnta, ó eagraíochtaí iascairí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha le linn na bliana, agus tugtar an t-aiseolas sin uathu san áireamh agus na deiseanna iascaireachta á socrú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an Togra bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch[1] ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF).

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) den Chonradh teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl sé infheidhme.

---

[1] http://www.ices.dk/community/advisory-process/Pages/Latest-advice.aspx

- **Cearta bunúsacha**

Níl sé infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le Rialachán (AE) 2021/XXX ón gComhairle a mhodhnú[2] mar a mhínítear thíos. Liostaítear sa tábla thíos na TACanna a ndéanann cabhlaigh iascaireachta an Aontais iascaireacht orthu ag tús na bliana den chuid is mó agus lenar féidir TACanna sealadacha a shocrú ina leith ag céatadán níos airde trí eisceacht ó chur chuige ginearálta a chur i bhfeidhm (25 % den TAC a socraíodh le haghaidh 2020), mura ndéantar réamhbhreithiúnas dá bharr sin ar thoradh na caibidlíochta idirnáisiúnta agus/nó na gcomhairliúchán:

| TAC | Céatadán de na cuótaí le haghaidh 2020 a úsáidtear mar bhonn chun TAC sealadach a shocrú |
|---|---|
| Gliomach na hIorua i mBanc Porcupine | 55 % |
| An sól in 7d (An Mhuir nIocht Thoir) | 40 % |
| An leathóg bhallach in 7d agus 7e (An Mhuir nIocht) | 45 % |
| An roc dústríoctha in 7d agus 7e (An Mhuir nIocht) | 60 % |
| An faoitín in 7b go 7k (An Mhuir Cheilteach) | 40 % |
| An trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 | 50 % |
| TACanna na bhfaoitíní gorma | 70 % |

2 COM(2020)668 Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta is infheidhme in uiscí an Aontais le haghaidh stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe agus, i gcás shoithí iascaireachta an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

| | |
|---|---|
| Scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann (folimistéir 1 agus 2) | 85 % |

Chun liosta na stoc ar cheart feidhm ina leith a bheith ag céatadán níos airde ná 25 % a bhunú, is ar na hiarrataí a chuir na Ballstáit in iúl a bhunaigh an Coimisiún é féin agus rinne sé anailís ar ghlacadh an chuóta i gcás an Bhallstáit lena mbaineann sa chéad ráithe de na trí bliana deireanacha (2018-2020). Ansin, chuir an Coimisiún na TACanna méadaithe i gcomparáid leis na TACanna cinntitheacha féideartha freisin. Gan dochar do na comhairliúcháin atá beartaithe leis na tríú tíortha, ríomhadh na TACanna cinntitheacha féideartha sin ar bhonn na comhairle eolaíche (i gcásanna a léirítear sa Bhunrialachán nó sa phlean ilbhliantúil ábhartha – le haghaidh na huastáirgeachta inbhuanaithe, agus i gcásanna eile – bunaithe ar chur chuige an réamhchúraim) agus sciartha an Aontais arna mbunú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair (TCA) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe á gcur san áireamh.

Ar bhonn na hanailíse a rinneadh ar na gnéithe uile sin, thángthas ar an gconclúid go bhfuil bonn cirt le hiarrataí na mBallstát maidir leis na TACanna sealadacha a mhéadú, toisc go bhfuil siad i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES, leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais agus leis an TCA. Cuirfidh na méaduithe sin ar a gcumas do shoithí iascaireachta an Aontas úsáid a bhaint as na deiseanna iascaireachta a bhfuil siad ina dteideal agus a mbainfí díobh murach sin, de dhroim shéasúracht na hiascaireachta ar na stoic lena mbaineann.

2021/0017 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le deiseanna iascaireachta sealadacha áirithe le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear, le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], go nglactar bearta caomhnaithe agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna ndréachtú ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) agus ag comhlachtaí comhairleacha eile, mar aon le haon chomhairle a fhaightear ó chomhairlí comhairleacha.

(2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ba cheart deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) arna mbunú in Airteagal 2(2) den Rialachán sin agus i gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, ba cheart na TACanna a bhunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna pleananna sin. I gcomhréir le hAirteagal 16(1) den Rialachán sin, ba cheart deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit ar dhóigh lena n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó iascaigh.

(3) Ba cheart an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le creat reachtach CBI, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar ghnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara chomh maith, go háirithe ag cruinnithe na gcomhairlí comhairleacha.

(4) Stoic chomhroinnte atá i líon mór stoc feasta de bharr tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas. Rachaidh an Coimisiún i

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe, i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua agus i mbun chomhairliúcháin thríthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua ar bhonn an dréachtseasaimh ón Aontas atá le formhuiniú ag an gComhairle. Ós rud é nár tugadh na comhairliúcháin thuasluaite i gcrích go fóill, ba cheart don Chomhairle TACanna sealadacha a bhunú a mhéid a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta, agus in uiscí a dtugann tríú tíortha rochtain do shoithí an Aontais orthu, agus ba cheart di iad a bhunú ar shlí ina dtugtar lánurraim do Choinbhinsiún na Náisiún maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), do chearta agus d'oibleagáidí na stát cósta, agus dá gceannasacht agus dá ndlínse chomh maith.

(5) An 15 agus an 16 Nollaig 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021. Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart na TACanna sealadacha le haghaidh stoic a roinntear le tríú tíortha a shocrú go dtí go dtabharfar na comhairliúcháin sin i gcrích i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta nó, mura féidir iad a thabhairt i gcrích go rathúil, go dtí go mbunóidh an Chomhairle TACanna aontaobhacha an Aontais in 2021.

(6) Maidir leis na TACanna sealadacha arna mbunú i Rialachán (AE) 2021/XXX, lena léirítear an comhaontú polaitiúil a tugadh i gcrích sa Chomhairle, tá sé d'aidhm acu a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe an Aontais. In imthosca ar bith, níor cheart na deiseanna iascaireachta sealadacha sin a bheith ina mbac ar dheiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus le toradh na gcomhairliúchán, le creat dlíthiúil an Aontais agus le comhairle eolaíoch. Mar chur chuige ginearálta, comhfhreagraíonn siad do 25 % de sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2020. I gcásanna dar líon an-teoranta, mar sin féin, ba cheart céatadán éagsúil a úsáid nuair is ag tús na bliana den chuid is mó a dhéantar iascaireacht ar na stoic. Tá an cur chuige sin gan dochar do sciartha an Aontais arna mbunú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe[4], sciartha a úsáidfear chun TACanna cinntitheacha a shocrú.

(7) Maidir leis an liosta de na stoic, stoic ar cheart céatadán níos airde ná 25 % a bheith infheidhme ina leith, ba cheart é a bhunú ar an anailís ar ghlacadh an chuóta sa chéad ráithe de na trí bliana deireanacha (2018-2020) arna déanamh ag na Ballstáit a d'iarr TAC sealadach níos airde. Níor cheart TACanna sealadacha a bheith níos mó ná TACanna cinntitheacha féideartha, TACanna a ndearnadh measúnú orthu, gan dochar do na comhairliúcháin atá beartaithe leis na tríú tíortha, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus sciartha an Aontais arna mbunú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair á gcur san áireamh. Is i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES, leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais agus leis an gComhaontú Trádála agus Comhair atá na méaduithe sin ar TACanna sealadacha. Cuirfidh siad ar a gcumas do shoithí iascaireachta an Aontas na deiseanna iascaireachta a bhfuil siad ina dteideal a úsáid, agus a mbainfí díobh murach sin, de dhroim shéasúracht na hiascaireachta ar na stoic lena mbaineann.

(8) Is éard a léiríonn na sonraí gabhála míosúla arna dtuairisciú leis an gCoimisiún le blianta beaga anuas go ndéantar iascaireacht ar chuid de na stoic pheiligeacha eile agus

4 Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den Pháirt Eile (IO L 444, 31.12.2020, lch. 14)

den na stoic ghrinnill eile ag tús na bliana den chuid is mó. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí gabhála sin agus i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, ba cheart céatadán níos airde i gcoibhneas le sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2021 a bhunú le haghaidh na TACanna comhfhreagracha, gan dochar do chur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh sna comhaontuithe idirnáisiúnta agus/nó sna comhairliúcháin a bheidh ann amach anseo.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/XXX a leasú dá réir.

(10) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/XXX ón 1 Eanáir 2021 i leith. Na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bhaineann le teorainneacha gabhála, ba cheart dóibh teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus feidhm chúlghabhálach a bheith acu ón 1 Eanáir 2021. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist agus nár ídíodh go fóill iad. I bhfianaise na práinne sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasú an Rialacháin (AE) 2021/XXX*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/XXX mar seo a leanas:

(a) Déantar Iarscríbhinn IA a leasú i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) Déantar Iarscríbhinn IB a leasú i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*